

Aonad 2:

Scéalaíocht agus Súgradh

Aonad 2: Scéalaíocht agus Súgradh

Cuid 1: An Scéalaíocht agus Déanamh Puipéad

Gaeilge	Labhairt	Ag cothú spéise Ag tuiscint teanga Ag úsáid teanga
Na hAmharcealaíona	Tógáil	Tógálacha a dhéanamh Breathnú agus freagairt
Ceol	Cumadóireacht	Tobchumadh agus cruthú
Drámaíocht	Drámaíochta chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

Gníomhaíochtaí:

- Scéal 'Hansel and Gretel'
- 'Whoosh' le Scéal
- Déanamh Puipéad

Cuspóirí:

1. Féachaint, éisteacht, agus freagra a thabhairt ar Scéal 'Hansel and Gretel'.
2. Scéal 'Hansel and Gretel' a ath-insint ag úsáid fuaimanna, aisteoireacht agus geatsaíocht.
3. Puipéad a dhéanamh agus obair i ngrúpaí beaga ag ath-insint an scéil.

Gníomhaíocht 1: An Scéalaíocht - 'Hansel and Gretel'

Cuspóir foghlama: Féachaint, éisteacht, agus freagra a thabhairt ar Scéal 'Hansel and Gretel'.

- Iarr ar na páistí smaointe a roinnt maidir leis an scéal 'Hansel and Gretel'. Cad atá ar eolas acu faoin scéal seo? Breac síos na smaointe ar an gClár Bán.

Taispeán don rang an físeán seo a leanas ar SchoolTube:

<http://www.schooltube.com/video/0038b5109debadc72818/>

(Fractured Fairy Tales - Hansel and Gretel)

- Is féidir an fiseán a stopadh ag pointí áirithe chun ceisteanna a chur ar na páistí: Cén carachtar is fearr leo? Cén fáth?
- Ag deireadh an fhíseáin, cuir ceist ar na páistí conas a mhothaigh na carachtair i rith an scéil:
- Conas a mhothaigh Hansel nuair a chonaic sé an teach milseán? Conas a mhothaigh Gretel nuair a chonaic sí an Chailleach? Conas a mhothódh tusa dá n-athrófaí in *aardvark* thú?!
- Iarr ar na páistí smaoiniamh ar thréimhse nuair a mhothaigh siad sceitimíneach/buartha/eaglach.
- **Pointe Plé:** Pléigh na mothúcháin a bhíonn ag na páistí. "Bíonn sceitimíní orm nuair a ... ". "Bíonn eagla orm nuair a ... ". Tarraing pictiúir de na rudaí a chuireann eagla/sceitimíní/brón/áthas ort.

Gníomhaíocht 2: Whoosh le Scéal

Cuspóir Foghlama: *Scéal 'Hansel and Gretel' a ath-insint ag úsáid fuaimneanna, aisteoireacht agus geatsaíocht.*

Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ó Drama Resource le David Farmer:

<http://dramaresource.com/resources/features/284-whoosh>

- Tá spás mór oscailte ag teastáil, leis an rang ina seasamh nó ina suí i gciorcal mór.
- "Beimid ag insint an scéil le chéile agus beidh muid mar na carachtair nó na rudaí sa scéal. 'Whoosh' an t-ainm a bheidh ar seo."
- Beidh deis ag gach duine a a bheith i lár an chiorcail chun píosa den scéal a insint/a thaispeáint. Is féidir leis na páistí 'pas' a rá nó féachaint ón gciorcal más fearr leo.
- Nuair a deireann an múinteoir "*Whoosh!*" deireann gach duine le chéile é agus déanann an gheatsaíocht a bhaineann leis - is féidir an gheatsaíocht a chruthú le chéile (mar shampla luascadh leis na lámha ó thaobh go taobh, nó creathadh mór leis an gcorp).
- "*Fadó, fadó, bhí COILL ann ...* " - Iarann an múinteoir ar triúir páistí teacht isteach sa lár agus pictiúr reoite a dhéanamh de choill (crainn ina seasamh srl) lena gcorpanna. "*Sa choill seo bhí cónaí ar Hansel, Gretel, a máthair agus a n-athair.*" Fanann an choill ann agus isteach le ceathrar páiste eile chun na carachtair sin a dhéanamh.

- Ansin deireann an múinteoir "*Whoosh!*" agus téann na páistí sin go léir ar ais. Ar aghaidh leis an scéal mar seo.
- Abair leis na páistí agus iad i ról mar charachtair gur féidir leo caint mar an gearachtar sin, más gá, chun cabhrú leis na scéal.
- Is féidir "*Whoosh!*" a rá am ar bith chun an spás a ghlanadh don chéad chuid eile den scéal agus chun na páistí a athrú.
- **Pointe Plé:** Cén rud a thaitin leis an rang faoin gníomhaíocht seo? An bhfuil aon bhealach eile gur féidir é seo a úsáid arís?

Gníomhaíocht 3: Ag Déanamh Puipéad

Cuspóir Foghlama: *Puipéad a dhéanamh agus obair i ngrúpaí beaga ag ath-insint an scéil.*

Ábhair: Pictiúir de na carachtair (ag deireadh na coda seo), pinn luaidhe dhaite, sciosúir, maidí líreacán, téip.

- Ag úsáid na bpictiúr de Hansel, Gretel agus an Chailleach (ag deireadh na coda seo sa Leabhar Acmhainne), cruthaigh puipéid mhaidí leis an rang.
- Taispeáin don rang conas an dathú agus an gearradh amach a dhéanamh.
- Cuir ceann de na puipéad ar mhaide agus greamaigh é.
- Tabhair seans don rang a bpuipéad féin a chruthú ar an gcaoi chéanna.

Ag leanúint ar aghaidh: Cruthaigh scéal puipéad leis na puipéid seo i ngrúpaí beaga. Taispeáin na seóanna dá chéile.

Cuid 2: Cluichí Focal agus Tobchumadh

Gaeilge	Labhairt	Ag cothú spéise Ag tuiscint teanga Ag úsáid teanga
Béarla	Competence and confidence in using oral language	Oral language
Drámaíocht	Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta
OSPS	Mise	Braistinití agus mothúcháin
Ceol	Léiriú	Amhránaíocht

Gníomhaíochtaí:

- 'Go hÁmharach, Ar an Drochuair' ('Fortunately, Unfortunately')
- Stáisiún na bPictiúr
- 'Seo, ar aghaidh linn!' (Yes, let's ...)
- 'Boom chicka boom'

Cuspóirí:

1. Feachaint ar, éisteacht le agus freagraí a thabhairt ar smaointe óna chéile.
2. Pictiúir reoite a chruthú chun scéal a insint.
3. Obair a dhéanamh le chéile agus treoracha a leanúint.
4. Éisteacht leis an amhrán agus páirt a ghlacadh ann.

Gníomhaíocht 1: 'Go hÁmharach, Ar an Drochuair' ('Fortunately, Unfortunately')

Cuspóir Foghlama: *Feachaint ar, éisteacht le agus freagraí a thabhairt ar smaointe óna chéile.*

Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ó <http://www.dramatoolkit.co.uk>

- Is féidir an cluiche seo a dhéanamh i gciorcal mór amháin nó i ngrúpaí beaga ag na boird.
- Mínigh leis an rang go bhfuil sibh chun scéal a insint agus beidh líne/abairt amháin á chumadh ag gach duine, timpeall an chiorcail.

- Tosnaíonn gach dara líne leis na focail "Go hámharach" nó "Ar an drochuair". (Cinntigh go bhfuil na nathanna seo ar eolas ag an rang ar dtús.)
- Samplaigh an cluiche don rang: "Ar an drochuair, bhí an siopa dúnta." "Go hámharach, bhí pic-nic agam sa mhála."
- "Ar an drochuair, phléasc an yógurt sa mhála!" "Go hámharach, is BREÁ liom yógurt!". Leanann an scéal ar aghaidh timpeall an chiorcail ar fad.
- Is féidir téama a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar an gcluiche. Muna bhfuil smaoineamh ag duine éigean is féidir le daoine eile cabhrú leo freisin.

Gníomhaíocht 2: Stáisiún na bPictiúr

Cuspóir Foghlama: *Pictiúir reoite a chruthú chun scéal a insint.*

Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ón leabhar: Swale, Jessica (2009) *Drama Games for Classrooms and Workshops*, London, Nick Hern Books Ltd.

- Roghnaigh scéal (scríofa) le carachtair mhóra agus cur síosanna drámatúla. Is féidir scéal ón rang Gaeilge nó Béarla a úsáid nó scéal cosúil le 'Hansel and Gretel' nó scéal Fiannaíochta.
 - Abair leis an rang go mbeidh siad ag obair i Stáisiún na bPictiúr, an áit a dhéantar na pictiúir le haghaidh leabhair scéalta.
 - Suíonn an rang i ngrúpaí beaga (5/6) i gcorcal mór. Beidh na grúpaí ag obair le chéile chun na pictiúir ón scéal a chruthú. Beidh orthu na pictiúir a churthú lena gcorpanna, gan focail.
 - Léann an múinteoir amach an chéad chuid den scéal agus déanann bualadh bos amháin. Caithfidh an chéad ghrúpa dul isteach go lár an chiorcail agus pictiúr reoite a dhéanamh den chuid sin den scéal.
 - Déanann an múinteoir bualadh bos amháin eile agus imíonn an grúpa sin ar ais go dtí an corcal. Léann an múinteoir an chéad pháirt eile agus isteach le grúpa eile chun an pictiúr a chruthú.
 - Iarr ar na páistí sonraí beaga a chur sna pictiúir agus obair le chéile chun na pictiúir a fheabhsú.
-
- Is féidir obair bhreise a dhéanamh leis seo: 'Sruth an Smaoinimh': cuir ceist ar na carachtair sa pictiúir conas a mhothaíonn siad, cad atá ar intinn acu srl.
 - **Pointe Plé:** Iarr ar an rang ais-chothú a dhéanamh ar an gníomhaíocht seo. Cén dá rud a bhí go maith faoin obair i ngrúpaí

beaga agus cén rud amháin go bhféadfadh siad a fheabhsú le chéile?

Gníomhaíocht 3: 'Sea, ar aghaidh linn ...' ('Yes, let's ...')

Cuspóir foghlama: *Obair a dhéanamh le chéile agus treoracha a leanúint.*

Tá an cluiche seo cóirithe ó <http://www.dramatoolkit.co.uk>

- Tá an cluiche seo cosúil le 'Follow the Leader' agus is féidir é a dhánamh leis an rang ar fad nó i ngrúpaí beaga.
- Iarr ar an rang seasamh i gciorcail ionas gur féidir leis an múinteoir an gníomhaíocht a thaispeáint.
- Tosnaíonn an múinteoir, mar shampla, ag cur a lámh ar a c(h)eann, agus deireann sí/sé "Cuirfimid ár lámha ar ár gcinn!"
- Deireann an rang ar fad "Sea, ar aghaidh linn!" agus déanann siad amhlaidh.
- Deireann an chéad duine eile " Déanfaimid léimeanna réaltaí!" agus freagraíonn gach duine "Sea, ar aghaidh linn!".
- Leanann séa ar aghaidh go dtí go bhfuil seans ag gach duine smaoinemh a thosnú don gheatsaíocht.

Gníomhaíocht 4: 'Boom Chicka Boom'

Cuspóir Foghlama: *Éisteacht leis an amhrán agus páirt a ghlacadh ann.*

- Seo gníomhaíocht 'Call and Response', le rithim.
- Múinteoir: "I said Boom Chicka Boom" (Rang: "I said Boom Chicka Boom")
- Múinteoir: "I said Boom Chicka Rocka Chicka Rocka Chicka Boom!" (Rang)
- Múinteoir: "Uh huh!" (Rang)
- Múinteoir: "Oh yeah!" (Rang)
- Múinteoir: "One more time ... " (Rang)
- Múinteoir: "Robot style!" (Rang)
- Tosnaíonn an t-amhrán arís, 'robot style'.
- Is féidir guthanna/stíleanna difriúla a dhéanamh. Iarr ar an rang smaointe a thabhairt. Ar an babhta deireannach, deireann an múinteoir "One last time ... "
- Tá an t-amhrán le fáil ar Youtube:
<https://www.youtube.com/watch?v=gSgtxBsz-Ik>

Cuid 3: Cruthú Carachtar agus Dearadh Fuaim

Gaeilge	Labhairt	Ag cothú spéise Ag úsáid teanga Ag tuiscint teanga
Béarla	Competence and confidence in using oral language	Oral language
Na hAmharcealaíona	Tógáil	Ag déanamh tógálacha Breathnú agus freagairt
Ceol	Cumadóireacht	Tobchumadh agus cruthú
TFC	Ag foghlaim le agus tríd TFC	Cumadóireacht le TFC

Gníomhaíochtaí:

- Carachtar Bruscair
- Fuaimscéal
- Fuaimrian (soundscape)

Cuspóirí:

1. *Struchtúr samhlaíoch a chruthú den Ghruagach ón dráma.*
2. *Sraith fuaimeanna a thobchumadh agus a chruthú chun scéal an dráma a insint.*
3. *Fuaimrian (soundscape) a chruthú le ICT.*

Gníomhaíocht 1: Carachtar Bruscair

Cuspóir Foghlama: *Struchtúr samhlaíoch a chruthú den Ghruagach ón dráma.*

Ábhair: bruscair agus ábhair ealaíon agus lámhcheardaíochta chun struchtúir a chruthú: boscaí, boscaí bróg, bairr bhuidéil, buidéil phlaisteacha, cárta, páipéar de gach saghas, sean-irisí agus nuachtáin, gliú/PVA, péint, scuabanna, potaí uisce, tuíeanna, téip, ceanglaín srl.

Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ó Shampla 20 de *The Visual Arts Primary Curriculum Teacher Guidelines*, ar fáil ó www.curriculumonline.ie

- Cuir i gcuimhne na rialacha/treoirlínte a bhaineann le tograí ealaíon sa seomra ranga. Clúdaigh na baoird le sean-nuachtáin. Má tá cótaí péint ag na páistí is féidir iad a úsáid.
- Inniú beidh an rang ag cruthú carachtair ón dráma *Dorchadas Draíochta* le Mike Kenny: An Gruagach. Iarr ar na páistí smaoiniamh faoi gruagach nó oll-phéist nó carachtar scanrúil ó scéalta eile. Smaoinigh ar phictiúir agus cur síos.
- Déan plé ar an gcuma a bheidh ar an Gruagach a bheidh siad féin ag curthú. An mbeidh sí/sé cáirdiúil? Cén chuma a bheidh air? An mbeidh sé in ann bogadh? Conas.
- Iarr ar na páistí an Gruagach seo a tharraingt - is féidir leis na páistí obair a dhéanamh i bpéireanna nó i ngrúpaí beaga. Roghnaíonn na páistí na hábhair a dhéanfaidh an Gruagach.
- Tabhair seans do na páistí iarrachtaí a dhéanamh na hábhair a chur le chéile ar bhealaí difriúla go dtí go bhfuil siad sásta, agus ansin iad a ghreamú agus a phéinteáil.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh thar cúpla seachtain más maith leat - dearadh, struchtúr agus péinteáil ag tarlú ar laethanta difriúla.
- **Pointe Plé:** Féach ar agus pléigh obair na bpáistí de réir mar a thagann sí le chéile, agus tabhair deis dóibh obair a chéile a fheiceáil freisin. Ar bhain siad taitneamh as an bpróiséas? An raibh aon chuid de deacair? Conas ar tháinig siad timpeall ar na fadhbanna seo?

Gníomhaíocht 2: Fuaimscéal

Cuspóir Foghlama: *Sraith fuaimeanna a thobchumadh agus a chruthú chun scéal an dráma a insint.*

Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ó www.dramaresource.com

- Taispeán do na páistí an pictiúr den Stiúrthoir Ceoil ag deireadh na coda seo den Leabhar Acmhainne.
- Taispeán don rang an pictiúr den Cheolfhoireann agus éist leis an gceol (cliceáil ar an Stiúrthóir) ón suíomh seo a leanas:
<http://www.classicsforkids.com/music/orchestra.asp>
- Inniú, beidh an rang cosúil le Ceolfhoireann, ag úsáid a nguthanna chun Fuaimrian a dhéanamh de chathair.

- Smaoinigh ar na fuaimeanna ar fad a bhíonn le cloisteáil sa chathair agus breac síos nótaí ar an gClár Bán.
- Déanann grúpaí áirithe sa rang na fuaimeanna difriúla, mar shampla grúpa amháin mar charanna agus busanna, grúpa eile daoine ag caint, grúpa eile bípeanna ó na soilse tráchta, otharcharr, báisteach, gaoth, srl.
- Tá an múinteoir in ról mar Stiúrthóir Ceoil agus an rang ar fad mar na fuaimeanna.
- Nuair a ardaíonn an múinteoir a lámah, ardaíonn an fhuaim, agus nuair a íslíonn an múinteoir a lámha, íslíonn an fhuaim. Is féidir leis an múinteoir fuaimeanna éagsúla a thabhairt isteach agus amach de réir a chéile.
- Tá sampla den ghníomhaíocht seo (Foraois bháistí) ar an suíomh idirlíne seo: www.dramaresource.com (Sounscape)

<http://www.artscouncil-ni.org/news/ulster-orchestra-conductor-2014-15>

Gníomhaíocht 3: Fuaimrian

Cuspóir Foghlama: *Fuaimrian (soundscape) a chruthú le Teicneolaíocht Faisneise agus Cumarsáide (TFC).*

Ábhair: Ríomhairí agus fáil ar an suíomh seo a leanas:

<http://www.wildmusic.org/soundscapes/buildsoundscape>

<http://www.wildmusic.org/soundscapes/buildsoundscape>

(Tá an ghníomhaíocht seo cóirithe ón suíomh Wild Music)

- Is féidir leis an múinteoir an ghníomhaíocht seo a thriáil roimhré agus sampla a ullmhú don rang.
- Taispeáin sampla don ghrúpa agus ansin lig dóibh Fuaimrian a chruthú i bpéireanna le chéile.
- Iarr ar na páistí smaoineamh faoin méid gur mhaith leo a bheith san Fhuaimrian agus éisteach leis na torthaí go minic chun eagarthóireacht a dhéanamh air.
- **Pointe Plé:** Éist leis na Fuaimriananna. Iarr ar na páistí dhá realt a thabhairt do na rudaí a bhí go maith agus mian/píosa comhairle a thabhairt maidir le feabhsú/forbairt a dhéanamh.

